# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2021

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA-ARDLEIBHÉAL 2021**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2021**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

**Léiríonn tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

**Léiríonn dais** - roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

**Léiríonn lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

**Taispeánann lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

Tá eolas **<u>a bhfuil líne faoi</u>** riachtanach chun marcanna a bhaint amach.

**N.B. Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. *D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA (80 MARC)

**Ní mór na freagraí uile a scríobh i nGaeilge. Má fhreagraítear an tástáil/an chuid ar fad i Spáinnis: marcáil de réir na Scéime Marcála agus bronn leath na marcanna a fuarthas.**

**1. Anuncio - LA ESTACIÓN DE CANFRANC**
**2 + (1+1+1) + (2+2) mharc = 9 marc**

**(a)** Le breis agus dhá scór bliain/daichead bliain **(2m)**

**(b)** **Trí cinn** acu seo: óstán (sóchais)/ stad nua (traenach)/ ionad oilithreachta/ músaem **(1+1+1m)**
[Stáisiún nua (traenach) = 0m]

**(c)** Bain taitneamh as a ailtireacht; faigh amach faoina stair (neamhghnách)/ scéal **(2+2m)**

**2. Diálogo - ENTREVISTA CON JON RAHM, GOLFISTA PROFESIONAL**
**(1+1+1) + 3 + 3 + (1+1+1) mharc = 12 mharc**

**(a)** **Trí cinn** acu seo: le cibé duine is féidir leis/garraíodóirí/ lucht leanúna / é féin (nuair a bhíonn sé ag imirt) **(1 + 1 + 1m)**

**(b)** Tuigeann sí a thábhachtaí agus atá a chultúr dó **(3m)**

**(c)** Ag cóisir bréigéide ar an ollscoil **(3m)**

**(d)** **Trí cinn** acu seo: bualadh le cairde/dul amach chuig dinnéar/ spraoi a bheith agat/ saol gan strus a bheith agat **(1+1+1m)**

**3. Diálogo - HABLANDO CON LA ACTRIZ ESPAÑOLA, ALBA FLORES**
**3 + (1+2) + 3 + (2+2) mharc = 13 mharc**

**(a)** Réaltaí móra (flamenco), sa Spáinn agus i Meiriceá Laidineach araon **(3m)**

**(b)** An-mhaith; amhail is dá mbeadh aithne acu uirthi ar feadh a saoil **(1+2m)**

**(c)** Rath (iontach) idirnáisiúnta i sraitheanna Spáinnise **(3m)**

**(d)** **Dhá cheann** díobh seo: ní mór do dhuine streachailt chun a uaillmhian a bhaint amach/ ní hé an t-airgead an rud <u>is tábhachtaí</u>/ is é an príomhrud ná a bheith sona **(2+2m)**

**4. Descriptivo – LA RUTA DEL QUIJOTE**
**3 + 3 + (1+1+1) + (1+2) mharc= 12 mharc**

**(a)** Comóradh a dhéanamh ar 400 bliain ó foilsíodh an leabhar **(3m)**
[**Ní** ghlacfar le 'cuimhneachán' in ionad 'comóradh']

**(b)** Na bailte agus na háiteanna céanna atá le feiceáil sa leabhar **(3m)**

**(c)** **Trí cinn** díobh seo:
Le do mhodh iompair féin/níl aon amchlár ann/ is féidir leat stopadh/ taitneamh a bhaint as an réigiún **(1+1+1m)**

**(d)** Itheadh sé ag an am (ré an leabhair);
(rinneadh é) le **dhá cheann** acu seo: gairleog/arán (stálaithe)/uibheacha **(1+2m)**

**5. Descriptivo – LAS PLANTAS SON LAS NUEVAS MASCOTAS**
**(2+2) + 4 + (1+2) + (1+1) mharc = 13 mharc**

**(a)** Ní do dhaoine scothaosta a thuilleadh; (go tobann) faiseanta i measc daoine óga **(2+2m)**

**(b)** Tá sé níos deacra aire a thabhairt do pheata (ná planda) **(4m)**
[Tá sé deacair aire a thabhairt do pheata = 3m]
[Is féidir leat aire a thabhairt do phlanda = 2m]

**(c)** (níos mó) truailliú (a chruthú); cuirfidh na plandaí seo brón ort mar tá siad falsa/bréagach **(1+2m)**

**(d)** Glanann an t-aer; (tugann) fuinneamh maith **(1+1m)**

**6. EL TIEMPO**
**(1+1+2) + (1+1) + (1+ 2) mharc = 9 marc**

**(a)** Aer polach; (an-)fhuar; féidearthacht go dtitfidh sneachta **(1+1+2m)**

**(b)** Tirim; spéir ghlan **(1+1m)**

**(c)** Grian; (baol go mbeidh corrcheann ann) cith sa deisceart **(1+2m)**

**7.** **Una Noticia – EL CORTE INGLÉS**
**(2+2) + (1+2) + 3 + 2 mharc = 12 mharc**

**(a)** **Dhá cheann** díobh seo: ceann de na gnólachtaí is cáiliúla sa Spáinn/
thosaigh sé mar ghnó teaghlaigh/
díolann sé an chuid is mó san Eoraip/
tá rannáin ann do gach rud/
Ann tá (**dhá** cheann acu seo): faisean, stáiseanóireacht, leabhair, spóirt, ollmhargadh **(2+2m)**

**(b)** Seirbhísí breise;
**Dhá cheann** díobh seo: gníomhaireacht taistil/ gruagaire/ seirbhís poist **(1+2m)**

**(c)** (Ar a laghad) dhá uair an chloig de pháirceáil saor in aisce **(3m)**

**(d)** Tá rochtain aige ar stáisiún meitreo/ faoi thalamh **(2m)**

**9+12+13+12+13+9+12 = 80 marc**

## ROINN A (60 MARC)

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

**1. (a) Litríocht dualgais: *Relato de un náufrago*** **(50 marc)**

**C 1** **3 × 3 mharc = 9 marc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil.]**

**(a)** *peligrosa* **(3m)**
**(b)** *manifestaba* **(3m)**
**(c)** *fatigado* **(3m)**

**C 2** **3 × 3 mharc = 9 marc**
**(a)** … Bhí a fhios agam go mbeimis i Murascaill Mheicsiceo an lá dar gcionn… **(3m)**
**(b)** ... bhí cúiseanna aige a bheith níos sona ná aon duine (eile) **(3m)**
**(c)** … Níor chodail mé ar feadh na hoíche… **(3m)**

**C 3** **4m + 3m + 3m = 10 marc**
**Trí cinn** ar bith díobh seo: **[An chéad fhreagra ceart = 4m]**

- cuisneoir
- meaisín níocháin (uathoibríoch)
- raidió
- téitheoir/sorn **(4+3+3 mharc)**

**C 4** **4m + 3m + 3m = 10 marc**
**Trí cinn** ar bith díobh seo: **[An chéad fhreagra ceart = 4m]**

- príomhinnealtóir / ceannaire na n innealtóirí
- madra farraige / mac tíre na farraige
- beag
- craiceann síondaite
- tréan/ láidir/ sláintiúil
- cainteach/ lán comhrá
- thart ar 40 bliain d'aois **(4+3+3 mharc)**

**C 5** **4m + 4m + 4m = 12 mharc**
Plé ar aon **trí** phointe ábhartha
**[Ní thugtar marcanna le haghaidh freagraí le tacaíocht ó thagairt don sliocht.]** **(12m)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta: EDUCACIÓN FÍSICA EN LOS COLEGIOS (50 marc)**

**C 1 4m + 4m + (2+2m) + (2+1+1m) + 4m = 20 marc**

**(a)** (Níl aon amhras ach) go bhfuil go leor buntáistí ag baint le cleachtadh coirp do gach duine (2m) agus is rud é ba cheart dúinn tosú ag aois óg (2m) **(4m)**

**(b)** Sa Spáinn níl ach 3% d'amchlár na scoile tiomnaithe/curtha ar leataobh don ábhar, i gcomparáid le 20% san Fhionlainn **(4m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- drochnósanna
- mearbhia a ithe
- andúil i gcluichí físe
- easpa gluaiseachta **(2+2m)**

**(d)** **Trí cinn** díobh seo: **[An chéad fhreagra ceart = 2m]**
- cuireann sé cosc ar ghalair
- cuidíonn sé leis an bpróiseas fáis
- feabhsaíonn sláinte
- mothú suaimhnis
- folláine
- sonas
- leibhéil imní a ísliú
- go maith don chuimhne
- spreagann sé aird
- spreagadh **(2+1+1m)**

**(e)** (A gcuid) mac léinn chun spórt a chur san áireamh ina stíl mhaireachtála, rud a chruthaíonn saoránaigh shláintiúla sa tsochaí **(4m)**
[Sochaí shláintiúil a chruthú = 1m]

**C 2 3 × 4 mharc = 12 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar focail ar lár ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil.]**

**(a)** *tiempo libre/ descanso* **(4m)**
**(b)** *los adolescentes padecen* **(4m)**
**(c)** *descenso* **(4m)**

**C 3 3 × 4 mharc = 12 mharc**
**(a)** … ag ullmhú/(chun) Spáinnigh óga a ullmhú don chomórtas ardleibhéil… **(4m)**
**(b)** … Tacaítear leis/treisítear an dul chun cinn acadúil.… **(4m)**
**(c)** … Feabhsaítear féinmheas agus comhbhá le daoine eile… **(4m)**

**C.4 (6 mharc)**

[Féadfar aon mharc ó 0 go 6 a bhronnadh don cheist seo. **Ní bhronntar aon mharc ar fhreagraí i mBéarla.]**

**2. (a) NÓ (b) =10 marc**

**Má fhreagraítear (a) AGUS (b), marcáil an dá cheann agus bronn marcanna don CHEANN leis an scór is airde.**

**(a) LA ABEJA ES DECLARADA EL SER VIVO MÁS IMPORTANTE DEL PLANETA (10 marc)**
**2 + 2 + (3+3) = 10 marc**

**(i)** Ní iompróir víris nó baictéir de chineál ar bith é **(2m)**

**(ii)** Ligeann a bpailniú do phlandaí atáirgeadh **(2m)**

**(iii) Dhá cheann** díobh seo:

- oll-dífhoraoisiú
- easpa bláthanna
- úsáid neamhrialaithe lotnaidicídí **(3+3m)**

**(b) IRLANDA INVIERTE 5 MILLONES EN CICLISMO DE MONTAÑA (10 marc)**
**(2 + 2) + (2+2+2) = 10 marc**

**(i)** Rialtas na hÉireann; An Crannchur Náisiúnta **(2+2m)**

**(ii)** **Trí cinn** díobh seo:

- óstáin
- brúnna
- caiféanna
- siopaí rothar **(2+2+2m)**

## ROINN B (100 MARC)

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

**LOS VOLUNTARIOS**

**C 1** **5 × 3 mharc = 15 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar focail ar lár ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil.]**

**(a)** *el mundo donde vivimos* **(3m)**
**(b)** *se estima* **(3m)**
**(c)** *se despidió (de)* **(3m)**
**(d)** *mayor descubrimiento* **(3m)**
**(e)** *muchos motivos* **(3m)**

**C 2** **3 × 5 mharc = 15 mharc**
**(a)** .....'trí rudaí beaga a dhéanamh, is féidir an domhan a athrú ..... **(5m)**
**(b)** .....ag cabhrú le tithe a thógáil i gceantair/limistéir bhochta **(5m)**
**(c)** … daoine a bhfuil an iomarca ama acu **(5m)**

**C 3** **5 × 1 mharc = 5 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar focail ar lár ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil.]**

**(a)** *una oportunidad* **(1m)**
**(b)** *abandonar* **(1m)**
**(c)** *empezó* **(1m)**
**(d)** *escoger* **(1m)**
**(e)** *ocurre* **(1m)**

**C 4** **(2+2 mharc) + (3+2 mharc) + (2+2+2 mharc) = 15 mharc**

**(a)** (Deis do shaorálaithe agus d'eagraíochtaí deonacha chun):
**Dhá cheann** díobh seo:
- a gcuid iarrachtaí a cheiliúradh
- a luachanna a chur in iúl
- a gcuid oibre a chur chun cinn **(2+2m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo: **[An chéad fhreagra ceart = 3m]**
- uaillmhian a bhí ann i gcónaí
- (ritheann smaoineamh le) ó chomhrá le cairde atá ag iarraidh an domhan a fheabhsú
- feiceann siad deis chun cabhrú le daoine agus an méid is féidir a dhéanamh ina thaobh **(3+2m)**

**(c)** **Trí cinn** díobh seo:
- déanann sé beagán de gach rud
- tógann **ceann** amháin acu seo: tithe/ ionaid sláinte/ scoileanna
- obair leictreach
- obair siúinéireachta **(2+2+2m)**

**Roinn B Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Ceist a Mharcáil 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 mharc**

**BARR**
Ardleibhéal comhleanúnachais
Argóinteacht shoiléir
An aidhm chumarsáide comhlíonta
Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann **18 – 25 marc**

**LÁR**
Leibhéal réasúnta comhleanúnachais
Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise
An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór
Roinnt ábhair neamhábhartha **9 – 17 marc**

**BUN**
Easpa comhleanúnachais
Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint
Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide
Cuid mhór ábhair neamhábhartha **0 – 8 marc**

**2. TEANGA** **25 mharc**

**BARR**
Spáinnis nádúrtha
Leibhéal maith sa stór focal
Gan mórán dearmaid ghramadaí/litrithe
Úsáid cheart na n-aimsirí **18 – 25 marc**

**LÁR**
Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta
Na briathra ceart ar an iomlán
Gan an iomarca dearmaid litrithe/ghramadaí **9 – 17 marc**

**BUN**
Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal
Formhór na mbriathra mícheart
Cuid mhór dearmaid litrithe **0 – 8 marc**

**Tabhair faoi deara: Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1 (i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán),ní bhronnfar aon mharcanna do Theanga 2.**
**Ní bhronnfar aon mharcanna le haghaidh frásaí a thógtar go díreach ón alt.**

## ROINN C (25 MHARC)

**Iarrtar ar iarrthóirí aon mhír AMHÁIN a fhreagairt ó C1 (a) nó 1 (b) nó C2 (a) nó 2 (b).**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir níos mó ná mír amháin ó Cheist 1 **nó** Ceist 2, caithfear **gach** ceann a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an mír **AMHÁIN** leis an scór is airde agus sin amháin.
- Ba chóir neamhaird a dhéanamh de mhion-dearmaid (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht').
- Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.

Tabhair faoi deara: Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht ní ghearrfar pionós faoi dhó as an earráid chéanna.
Ceist 1. Agus an cheist seo á marcáil ba cheart cloí den chuid is mó leis na tosaíochtaí a léirítear le haghaidh Ábhar agus Teanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a) COMHRÁ A CHUMADH (25 mharc)**

**Sé** 'sheal'. **CÚIG** cinn le freagairt. Má fhreagraítear gach 'seal', marcáil **iad ar fad** agus bronn marcanna ar na **CÚIG** cinn is airde scór. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(5 x 5m = 25 mharc)**

***NÓ***

**Ceist 1 (b) LITIR / R-PHOST (25 mharc)**

- Tá **CÚIG** phointe le déanamh as **ocht** gcinn féideartha. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. Má fhreagraítear níos mó ná cúig phointe, marcáil **gach ceann** agus bronn na marcanna ar na **CÚIG** phointe is airde scór.
- Tabhair do d'aire gur chóir go mbeadh gach pointe *forbartha* agus *mionsaothraithe.*
- Is féidir an litir/r-phost a bhunú go ginearálta ar na moltaí a thugtar.
- Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.
- Bítear ag súil leis an tsainréim cheart teanga don litir/r-phost. **(5 x 5m = 25 mharc)**

Critéir do **Cheist 1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 25 MHARC** **(Marcáiltear gach 'seal'/pointe ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal maith sa stór focal. Na briathra ceart. |
| **3 – 4 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **2 mharc:** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| **1 mharc:** | Cuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| **0 marc:** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**Ceist 2 (a) agus (b): Cúig** phointe. **Ceithre** cinn le freagairt. Má fhreagraítear iad uile, léigh **iad ar fad** agus bronn marc domhanda ar na **CEITHRE** cinn is fearr de réir na gcritéar thíos.

***NÓ***

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **(25 mharc)**

Cúig pointe, **CEITHRE** cinn le freagairt.

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **(25 mharc)**

Cúig pointe, **CEITHRE** cinn le freagairt. **Ní gá pointí a fhorbairt.**

Critéir do Cheist **2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 25 MHARC**

| | |
|---|---|
| **23 – 25 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal an-mhaith sa stór focal.<br>Na briathra ceart. |
| **18 - 22 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta den chuid is mó.<br>Leibhéal maith sa stór focal.<br>Na briathra ceart den chuid is mó. |
| **14 – 17 marc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **10 – 13 mharc** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid den stór focal i gceart.<br>Tá cuid mhór earráidí ann. |
| **5 – 9 marc** | Cuid bheag den teachtaireacht curtha in iúl. |
| **0 – 4 mharc** | Cuid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl. |

**AGUISÍN A hAON**

**SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE**

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht fhisiceach*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama amháin*** *agus sin amháin (ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air/ agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh an litriú agus an ghramadach acu a tharscaoileadh, ní ghearrfar pionós i réimsí gramadaí áirithe. Agus obair na n- iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Triail Chluastuisceana**
Is i nGaeilge a fhreagraítear an chuid seo den pháipéar agus, dá bhrí sin, níl aon treoracha speisialta i bhfeidhm mar ní ghearrtar pionós ar mhílitriú ná ar earráidí gramadaí sa scéim marcála chaighdeánach.

**Roinn A agus B**
Le haghaidh ceisteanna a fhreagraítear i Spáinnis, ní ghearrfar pionós as mílitriú ná as gnéithe áirithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

**Cuid B – Ceist 5**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as mílitriú, amhail aicinn atá ar iarraidh nó atá mícheart, ná as gnéithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

**Roinn C**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as mílitriú, amhail aicinn atá ar iarraidh nó atá mícheart, ná as gnéithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Leathanach Bán